Cónaitheachtaí Cruthaitheacha Creative Residencies

Made by
Comhlacht Cultúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council Culture Company

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

www.dublincitycouncilculturecompany.ie




# Tóraíocht na Staire Ceilte

### Treoracha do dhaoine fásta:

Tóraíocht taisce fhéintreoraithe í seo ar fud Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, a thosaíonn lasmuigh de Leabharlann an Láir in Ionad Ilac. Tá dath gorm ar na leideanna agus tá siad oiriúnach do leanaí idir aois 9 agus 12 bhliain. Tá formhór na bhfreagraí i nGaeilge ach tá roinnt scríofa i mBéarla. Beidh do chabhair ag teastáil leis na treoracha, a bhfuil dath glas orthu.

Ba cheart go mbeadh leanaí faoi thionlacan duine fhásta ag gach tráth fad a bhíonn an ghníomhaíocht á déanamh. Bí cúramach nuair a bhíonn bóithre á dtrasnú agus úsáid na trasrianta coisithe nuair a bhíonn siad ar fáil.

Siúlóid 3km atá sa bhealach ón bpointe tosaigh go dtí an críochphointe. Glacfaidh sé thart ar 90 nóiméad leis an tóraíocht a chríochnú, agus glacfaidh sé 30 nóiméad chun filleadh ar an bpointe tosaigh, más gá sin a dhéanamh.

Tá an tóraíocht taisce go léir taobh amuigh, seachas an pointe tosaigh. Ní ghearrtar aon táillí iontrála. Trasnaíonn roinnt codanna den bhealach páirceanna, agus d'fhéadfaidís a bheith dúnta um thráthnóna.

Tá an stad deiridh gar do stadanna bus agus Luas, nó is féidir siúl ar ais chuig an bpointe tosaigh, siúlóid dhíreach thart ar 2km í.

### Treoracha do leanaí:

Fáilte chuig Tóraíocht na Staire Ceilte, Baile Átha Cliath! Lean an raon thíos agus réitigh na leideanna chun teacht ar an ainm atá ar thaisce atá ar iarraidh le fada an lá!

Tá dath gorm ar na leideanna agus tabharfaidh gach ceann chuig áit éagsúil thú. Tá dath glas ar threoracha le cabhrú leat do bhealach a aimsiú, ach teastóidh duine fásta uait chun cabhrú leat. Cuimhnigh ar áiteanna sábhailte a aimsiú le bóithre a thrasnú (cosúil le soilse tráchta agus trasrianta síogacha) agus trasnaigh an bóthar le duine fásta i gcónaí.

Scríobh d'fhreagraí sna spásanna atá ar an mbileog seo. Ba cheart formhór na bhfreagraí a scríobh i nGaeilge ach scríobhtar roinnt i mBéarla. Má tá tú ag féachaint ar Thóraíocht na Staire Ceilte ar ghuthán nó ar tháibléad, tabhair leabhar nótaí agus peann luaidhe leat le d'fhreagraí a scríobh ann. Taispeánann gach leid duit cé mhéid litir atá sa fhreagra. Teastóidh na freagraí go léir uait ag an deireadh chun an puzal a réiteach, mar sin, cinntigh uimhir a thabhairt ar gach ceann.

1. Is é an pointe tosaigh an Leabharlann Láir i mBaile Átha Cliath, taobh istigh d'Ionad Siopadóireachta Ilac. Is féidir leat Ionad Ilac a iontráil ó Shráid Anraí, Sráid an Mhúraigh, nó Sráid Parnell. Tá an Leabharlann Láir i lár Ionad Ilac, agus gabhann céimeanna chomh fada léi. Is féidir leat eolas a fháil ar cén saghas Cathair UNESCO é Baile Átha Cliath, mar gheall gur chónaigh go leor scríbhneoirí ann le stair anuas. **Leid:** ciallaíonn sé 'litríocht' as Béarla. Scríobh an freagra i mBéarla, faoi mar atá sé scríofa ar an gcomhartha.



2. Lean an comhartha atá ar crochadh le haghaidh Shráid an Mhúraigh. Fág Ionad Ilac agus siúil amach ar Shráid an Mhúraigh agus cas ar dheis. Lean ort ag siúl feadh Shráid an Mhúraigh go dtí go bhfeicfidh tú dragan ag féachaint anuas go hard ar bharr foirgnimh. Deirtear gur scriosadh sciatháin an dragain sa troid in Éirí Amach na Cásca 1916. Cad í uimhir an fhoirgnimh ar a bhfuil sé? **Leid:** tá uimhir an fhoirgnimh taobh le hainm an tsiopa. Scríobh an uimhir mar fhocail i nGaeilge, seachas mar dhigití.

3. Lean ag siúl sa treo céanna agus cas ar dheis amach ar Shráid Anraí. A luaithe a chasann tú amach ar Shráid Anraí, siúil thar dhá nó trí shiopa ar thaobh do láimhe clé, agus aimsigh plaic dhronuilleogach ar an mballa atá ar leibhéal do shúl agus a bhfuil go leor daoine fásta air. Chónaigh bean anseo tráth dá raibh a rinne feachtas ar son cearta níos fearr do mhná in Éirinn. Cén t-ainm atá uirthi?

4. Lean ag siúl sa treo céanna ar Shráid Anraí go dtí an bealach isteach chuig Ionad Siopadóireachta Jervis. Lean ag siúl cúpla coiscéim ar an mbóthar, thar an mbealach isteach chuig an ionad siopadóireachta, agus aimsigh plaic bheag chiorclach ar thaobh do láimhe deise. Seo an áit a mbíodh an Volta, an chéad áit den saghas sin in Éirinn, agus cén saghas áite a bhí ann? Tugadh 'picture houses' orthu seo i mBéarla. Scríobh an freagra i nGaeilge.



**5.** Cas ar chlé ag an gcéad acomhal eile amach ar Shráid Jervis agus stop. Tá foirgneamh cloiche ag an gcrosaire ina bhfuil fuinneog an-ard. Tógadh thart ar an mbliain 1700 é, agus tá sé ar cheann de na foirgnimh is sine atá fós ann sa chuid seo de Bhaile Átha Cliath. Is bialann anois é, ach cad a bhíodh ann roimhe seo? **Leid:** tá an focal Béarla in ainm na bialainne. Scríobh d'fhreagra i nGaeilge.



**6.** Lean ag siúl ar Shráid Jervis ar feadh thart ar 300 méadar, go dtí go dtagann tú chuig Abhainn na Life. Cas ar dheis agus ar chlé ansin ar Dhroichead Grattan, an droichead a bhfuil ráillí glasa air. Ar an droichead, aimsigh na rudaí a bhfuil na cuaillí solais á gcoimeád in airde acu. Ainmhithe iad seo ó mhiotaseolaíocht na Gréige, ar a dtugtar hipeacampas. Meascán idir iasc agus cén saghas eile ainmhí iad?

*B'fhéidir go bhfeicfidh tú bealach áirseach ón áit seo freisin ar thaobh amháin den abhainn, áit a dtéann an abhainn cheilte faoi thalamh, an Poitéal, isteach sa Life.*

**7.** Trasnaigh an droichead, agus trasnaigh an bóthar ansin amach ar Shráid na Parlaiminte, agus trasnaigh chuig an taobh deas de Shráid na Parlaiminte. Nuair a bhíonn an droichead á thrasnú agat, bí ag faire amach d'fhoirgneamh atá maisithe le stráicí fada dathannacha, cosúil le stiallchartúin ghrinn. Insítear scéal stair na gallúnaí sna pictiúir ar an bhfoirgneamh, mar gheall gur úsáid gnólacht gallúnaí an foirgneamh blianta roimhe seo. Aimsigh ainm an fhoirgnimh ghallúnaí os cionn an dorais.



**8.** Siúil fad gearr ar Shráid na Parlaiminte agus cas ar dheis ansin go dtí Geata Essex. Cas ar dheis arís go dtí Sráid an Mhalartáin Íochtarach. Is féidir leat spléachadh a fháil taobh thiar de roinnt de na ráillí ar an taobh deas den tsráid seo ar iarsmaí struchtúr cloiche. Ba é seo fíorimeall na cathrach sa mheánaois, agus túr a bhí sa struchtúr seo feadh bhalla na cathrach, a úsáideadh chun súil a choimeád ar naimhde a bhí ag teacht i dtreo na cathrach. Ainmníodh an túr in ómós do bhanphrionsa Éireannach i bhfinscéal meánaoiseach. Cén t-ainm atá uirthi?





**9.** Lean an bóthar seo go dtí dtagann tú go dtí Sráid Sheamlas an Éisc agus cas ar chlé. Lonnaíocht mhór Lochlannach a bhí anseo tráth dá raibh, agus feicfidh tú íomhánna ar an talamh ar thaobh na láimhe deise den bhóthar, ina dtaispeántar earraí Lochlannacha a aimsíodh anseo i rith tochailtí seandálaíochta. Aimsigh an áit ar thaobh na láimhe chlé den bhóthar seo inar seinneadh píosa ceoil den chéad uair riamh a bhfuil cáil dhomhanda air, na céadta blianta tar éis na Lochlannach. Cén sloinne a bhí ar an gcumadóir?

**10.** Ag deireadh Shráid Sheamlas an Éisc, trasnaigh Sráid an Tiarna Éadbhard. Lean go díreach ar aghaidh ar an gcosán, agus go díreach ar aghaidh ansin ar Shráid San Werburgh. Tiocfaidh tú ar Eaglais San Werburgh ar an tsráid seo. Feicfidh tú ceithre shnoíodóireacht chloiche os cionn an dorais. Bíonn snoíodóireacht dhiamhair ar go leor séipéil sheana agus cheap daoine gur comharthaí an bháis iad. Tá croschnámha agus cad eile sa dá shnoíodóireacht anseo ar an imeall?



**11.** Lean ar aghaidh ag siúl ar an tsráid seo. Cas ar chlé ag an gcéad chasadh eile agus lean an comhartha le haghaidh Chester Beatty. Siúil tríd an mbealach áirseach agus lean díreach ar aghaidh. Tá seo mar chuid de thailte Chaisleán Bhaile Átha Cliath. Lean ar aghaidh ar an gcosán seo agus siúil faoi dhroichead beag. Tá an bealach isteach chuig roinnt gairdíní ar thaobh do láimhe deise. Linn taobh leis an bPoitéal a bhíodh sa ghairdín siar san am. Ainmníodh an áit seo mar gheall ar an dath dorcha atá ar an linn, agus tugadh 'Dublin' air. Aimsigh an t-ainm Gaeilge, arb é seo an t-ainm atá ar an ngairdín anseo go fóill. **Nóta: Ní bheidh an stad seo ar an léarscáil go dtí Eanáir 2027.**

D U B H L I N N

**12.** Siúil ar ais amach ó thailte an chaisleáin agus go dtí Sráid San Werburgh. Cas ar chlé amach ar Shráid Bhríde. Siúil ar feadh thart ar 120 coiscéim ar Shráid Bhríde go dtí go bhfeicfidh tú roinnt tithe brící dearga ar chlé, a bhfuil pictiúir ar phlaiceanna go hard orthu. Tá láithreacha ó Gulliver's Travels, leabhar cáiliúil leis an údar Éireannach Jonathan Swift, ar na plaiceanna. Cén cruth ina bhfuil gach pictiúr?

**13.** Lean ag siúl go dtí an crosaire atá i ngar. Feicfidh páirc trasna an bhóthair. Iontráil an pháirc, siúil síos na céimeanna, agus siúil tríd an bpáirc chuig an taobh eile agus fág an pháirc i ngar don ard-eaglais. Mura féidir leat an pháirc a iontráil, siúl timpeall ar an bpáirc trí chasadh ar dheis ag an gcrosaire amach ar Shráid Scabhat na dTarbh agus ar chlé ansin i dtreo na hard-eaglaise. Ainmníodh an pháirc agus an ard-eaglais in ómós do naomh cáiliúil Éireannach a tháinig go hÉirinn sa 5ú haois. Aimsigh a ainm agus scríobh anseo é i nGaeilge.

**14.** Cas ar chlé ag an mbealach amach ón bpáirc agus siúil thar an ard-eaglais, agus cas ar chlé láithreach ansin, agus siúil feadh ráillí iarainn na hard-eaglaise. Deir roinnt daoine go bhfuil taibhse de mhadra sa reilig anseo, a shuíonn taobh le huaigh a mháistir. Nuair atá tú ag siúl chomh fada le balla cloiche ar thaobh na láimhe clé, aimsigh doras a bhfuil an chuma air gurb as scéal sí atá sé. Seo an geata isteach go foirgneamh a mbaineann go leor scéalta taibhsí leis. Ba í seo an chéad leabharlann phoiblí riamh in Éirinn. Cé leis an leabharlann?



**15.** Lean ag siúl ar an mbóthar seo, agus cas ar chlé amach ar Shráid Chaoimhín Uachtarach. Lean ag siúl go dtí acomhal mór. Úsáid na trasrianta coisithe leis an acomhal a thrasnú, agus lean ort ag siúl ar Shráid Chaoimhín. I ndiaidh an acomhail, siúil thar pháirc bheag thriantánach ar dheis agus lean ort ag siúl go díreach ar aghaidh chomh fada le foirgneamh brící dearga ar thaobh do láimhe deise. Seo do stad deireanach: Leabharlann Shráid Chaoimhín. Tá an leabharlann seo breis agus 100 bliain d'aois. Tá suaitheantas go hard ar thaobh an fhoirgnimh, ar a dtaispeántar trí chaisleáin atá trí thine. Cén chathair a mbaineann na caisleáin trí thine léi? **Leid:** níl an freagra scríofa áit ar bith anseo, ach b'fhéidir go mbeidh tú in ann buille faoi thuairim a thabhairt!



**Tá do chuid leideanna go léir réitithe agat!** Anois scríobh síos an litir a bhfuil cearnóg thart uirthi ó gach freagra agus scríobh í taobh le huimhir chomhfhreagrach na leide a thaispeántar. Má bhí do chuid freagraí á scríobh agat i leabhar nótaí, beidh ort na litreacha cearta ó gach freagra a aimsiú go cúramach, agus na spásanna d'fhreagraí ar na leathanaigh seo a úsáid chun cabhrú leat, agus iad a chur in eagar arís in ord uimhreacha na leideanna a thaispeántar.

Nochtfaidh seo d'fhreagra deireanach - taisce a d'fhéadfadh gur cailleadh i mBaile Átha Cliath míle bliain ó shin é!

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Ó | | N | | D | |
| 2. | 9. | 8. | 3. | | 4. | | | | 5. |

| | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | R | | | N | | | | | Ó | | | | E |
| 15. | | 12. | 6. | | | 11. | 10. | 13. | | 1. | 14. | 7. | |

# Comhghairdeas!

**Réitigh tú Tóraíocht na Staire Ceilte! Tá go leor stair cheilte eile timpeall na cathrach - mar sin, lean ort ag fiosrú!**

Má bhíonn an leabharlann ar oscailt, buail isteach agus faigh greamán Stair Cheilte. Mura ball den leabharlann cheana féin thú, is fiú duit clárú inniu! Is féidir leat glacadh le ballraíocht ag aois ar bith. Tá an bhallraíocht saor in aisce agus beidh teacht agat ar na brainsí leabharlainne poiblí go léir sa chathair.

Dearadh le www.motif.ie Léaráidí le John Farrelly - www.captainwonder.com

Cónaitheachtaí Cruthaitheacha Creative Residencies

Made by Comhlacht Cultúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Dublin City Council Culture Company

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Dublin City Council

Cheap an Staraí Cónaithe do Leanaí Dervilia Roche an Tóraíocht don Stair Cheilte. Ceapadh Dervilia in 2020 mar chuid den Chónaitheacht Chruthaitheach ag Dún Richmond, agus is í an chéad Staraí Cónaithe do Leanaí i mBaile Átha Cliath.

Cuireann Cuideachta Cultúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an Clár Cónaitheacht Chruthaitheach ar siúl.

Comhpháirtíocht idir Cuideachta Chultúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath í Cónaitheacht Chruthaitheach an Staraí Cónaithe do Leanaí ag Dún Richmond.

Forbraíodh an leagan Gaeilge seo le Baile Átha Cliath le Gaeilge agus Conradh na Gaeilge do Lá Mór na Gaeilge, Aibreán 2023.